



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2026  
(OR. en)

14001/26

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2026/0252(NLE)

---

PECHE 390  
UD 274

### **GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán 2023/2720 lena n osclaítear don tréimhse 2024 2026 taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe agus lena bhforáiltear do bhainistiú na dtaraif-chuótaí sin

---

## **RIALACHÁN (AE) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Rialachán 2023/2720**

**lena n-osclaítear don tréimhse 2024-2026 taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le  
haghaidh táirgí iascaigh áirithe agus lena bhforáiltear do bhainistiú na dtaraif-chuótaí sin**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2023/2720 ón gComhairle<sup>1</sup>, osclaítear don tréimhse 2024-2026 taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe agus déantar foráil maidir le bainistiú na dtaraif-chuótaí sin. Leis an Rialachán sin, déantar dleachtanna allmhairiúcháin ar líon áirithe táirgí iascaigh a laghdú nó a chur ar fionraí laistigh de tharaif-chuótaí ar mhéid iomchuí. Cinneadh méideanna iomchuí le haghaidh gach taraif-chuóta chun a áirithiú go mbeidh soláthar leordhóthanach chuig tionscal an Aontais le haghaidh na tréimhse sin. Sainítear sa Rialachán freisin cé na hoibríochtaí próiseála lena gceadaítear úsáid na dtaraif-chuótaí.
- (2) Tá an togra le haghaidh Rialachán nua maidir le taraif-chuótaí uathrialaitheacha maidir le cur i bhfeidhm na dtosaíochtaí taraife uathrialaitheacha don chéad tréimhse eile fós á thabhairt chun críche mar gheall ar ionchorprú coinníollacha inbhuanaitheachta arb é is aidhm dóibh gealltanais inbhuanaitheachta an Aontais sa chóras um tharaif-chuótaí uathrialaitheacha a léiriú.
- (3) Chun bearna a sheachaint i soláthar soláthairtí táirgí iascaigh saor ó dhleacht chuig an Aontas, is gá síneadh a chur le bailíocht Rialachán (AE) 2023/2720 go dtí deireadh 2027.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/2720 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) 2023/2720 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 lena n-osclaítear don tréimhse 2024-2026 taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe agus lena bhforáiltear do bhainistiú na dtaraif-chuótaí sin (IO L, 2023/2720, 6.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2720/oj>).

*Airteagal 1*  
*Leasú ar Rialachán (AE) 2023/2720*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2023/2720:

*‘Airteagal 6*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.’.

*Airteagal 2*  
*Leasú ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2720*

Sa tábla, sa cholún deiridh dar teideal ‘Tréimhse an chuóta’, cuirtear na dátaí ‘1.1.2024–31.12.2027’ in ionad gach tagairt do na dátaí ‘1.1.2024–31.12.2026’.

*Airteagal 3*  
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in  
Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach  
i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*

---